

FOLÚNTAS

# Saineolaí sa Bhithstaidreamh

Aonad: Modhanna agus Caighdeáin Eolaíochta
Tagairt: ECDC/AD5/2023/SMS-EB

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú don phost thuasluaite. Tá sé beartaithe ag ECDC freisin liosta ionadaithe a bhunú, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Tuairisceoidh an sealbhóir poist do Cheann na Rannóige um Próisis agus Modhanna Eolaíochta.

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre a leanas go háirithe:

- Obair i gcomhar le heipidéimeolaithe, saineolaithe ar ghalair thógálacha, gairmithe sláinte poiblí, bithstaitisteoirí agus samhaltóirí sa Lárionad agus in institiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile sláinte poiblí agus taighde;
- Ardanailís staidrimh a dhéanamh ar shonraí eipidéimeolaíochta agus ar shonraí eile a bhaineann leis an tsláinte, ar algartaim anailíse sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus rannchuidiú le tuarascálacha faireachais ar ghalair thógálacha agus le haschuir eile;
- Cód a scríobh agus a dhoiciméadú trí úsáid a bhaint as bogearraí anailíse staidrimh;
- Comhairliúchán staidrimh a sholáthar agus anailísí staidrimh cuí a mholadh, agus prótacail agus pleananna/tuairiscí anailíse a fhorbairt agus a athbhreithniú;
- Cur le measúnú a dhéanamh ar bhearnaí i gcur i bhfeidhm modhanna staidrimh i ngníomhaíochtaí agus aschuir ECDC agus le forbairt agus soláthar treorach modheolaíochta agus oiliúna i staidreamh;
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí eolaíochta, modheolaíochta agus beartais i réimse an staidrimh, an tsamhaltaithe agus na heipidéimeolaíochta galar tógálach agus sa réimse um ghalair thógálacha a chosc agus a rialú;
- Aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre a chomhlíonadh, de réir mar a iarrtar;

